Anseo is Ansiúd
BOOK 2
LESSON 21

# An Fheirm



Tá Uncail Seán ina chónaí faoin tuath. **Feirmeoir** is ea é. Chuaigh na páistí ar cuairt go dtí **an fheirm.** Bhí Uncail Seán ar an **tarracóir** sa chlós. Bhí sé ag tiomáint timpeall an chlóis. Chonaic Liam na rothaí móra ag casadh. Nuair a stad an tarracóir chuaigh Liam agus a **chol ceathrar** in airde air. Lig Liam air go raibh sé ag tiomáint an tarracóra.

Chuaigh siad go dtí an **scioból** ansin. Bhí an scioból lán go béal d'fhéar tirim. Thosaigh na buachaillí ag **dreapadóireacht** ar an bhféar.

Amach sa pháirc leo ansin. Bhí na ba **ag iníor** i gcúinne na páirce. Thiomáin siad na ba isteach i **gcró na mbó.** Rinne Nuala iarracht ar bhó a chrú ach theip uirthi. Bhí Úna ag breathnú ar na cearca i **gcró na gcearc.** Thug sí **coirce** dóibh. Um thráthnóna thug siad bainne do na **laonna.**

**Foclóir:**
**tarracóir,** tractor
**col ceathrar,** cousin
**scioból,** barn
**dreapadóireacht,** climbing
**iníor,** grazing
**coirce,** oats
**laonna,** calves

**A. Scríobh amach an freagra ceart:**
1. Cá raibh Uncail Seán ina chónaí?
   — sa chathair.
   — ar an sliabh.
   — faoin tuath.
2. Cad a bhí sa scioból?
   — an tarracóir.
   — na cearca.
   — féar tirim.
3. Cad a rinne na buachaillí sa scioból?
   — Thosaigh siad ag dreapadóireacht ar an bhféar tirim.
   — Thiomáin siad an tarracóir ann.
   — Rith siad mórthimpeall.

**B. Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo a leanas:**
1. Chuaigh na — ar cuairt go dtí — — .
2. Chonaic Liam na — — ag casadh.
3. Bhí sé ag tiomáint timpeall an — .
4. Bhí na ba ag — i gcúinne na — .
5. Rinne Nuala iarracht ar — — — .

**C. Cuir na focail seo a leanas in abairtí:**
feirmeoir, tarracóir, ag dreapadóireacht, col ceathrar, cró na mbó, ag iníor, iarracht.

**D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:**
1. Cá raibh Uncail Seán nuair a chuaigh na páistí go dtí an fheirm?
2. Nuair a stad an tarracóir cad a rinne Liam agus a chol ceathrar?
3. Cad a rinne na páistí leis na ba?
4. Céard a rinne Nuala?
5. Cá raibh na cearca?
6. Cé a thug coirce dóibh?
7. Cad a thug na páistí do na laonna?

**Gramadach 21**
1. Rinne Nuala iarracht ar **bhó a chrú.**
   (deisigh/an clog, can/amhrán, imir/cluiche, nigh/gréithe.)
2. Bhí na ba ag iníor i gcúinne **na páirce.**
   (an tsráid, an áit, an scoil, an fhuinneog, an tine.)
3. Bhí **an scioból** lán go béal **d'fhéar tirim.**
   (an gloine/uisce beatha, cupán/tae, an crúiscín/bainne, an buidéal/oráiste.)